Reference No: E109/52/37; **Date:** 01/05/64

Ciorclán 10/1964:- Ábhair a chur gan ghá chuig Bannóg an Aistriúcháin le haistriú.
A Dhuine Uasail,

1. Tá ordú agam ón Aire Airgeadais a rá go bhfuiltear taréis a thabhairt faoi ndeara go bhfuil sé do nós ag Ranna áirithe ábhair a chur chuig Rannóg an Aistriúcháin, Tithe an Oireachtais, le haistriú annsin, a gceapfaí go mbeadh na Ranna féin in ann Gaeilge a chur orthu.

2. Deineadh tagairt don ábhar seo cheana i litir leathoifigiúil na Roinne seo dár dáta an 13ú Deireadh Fómhair, 1937. Idir an dá linn, tá fás mór tagaithe ar líon na noifigeach a bhfuil an Ghaeilge go liofa acu, agus tá cabhair sa bhreis - ar a n-áirítear Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge (An Gaighdeán Oifigiúil)- le fáil a chuideodh le hoifigigh. Ina theanta san, réitheoidh an English-Irish Dictionary (de Bhaldraithe) aon deachrachtaí litrithe.

3. Mar sin, bheifí ag suil, um an dtaca so, go mbeadh Ranna in ann formhor cheisteanna aistriuchain a reitheach doibh fein, agus nach mbeadh ga ann ach le fior-bheagan nithe a chur chuig Rannog an Aistriuchain - mar shompla, abhair reachtula no abhair a mbeifi ar intinn a scaipeadh don phobal.

4. Iarrtar ar Ranna, mar sin, nach gcuirfi chuig an Rannoig gnathobair ar choir go mbeadh oifigigh de chuid na Roinn fein in ann i a dheanamh, m.s.:-

(a) Abhar, e.g., foirmeacha, litreacha, meamraim, 7rl, le haghaidh usaide taobh istigh den Roinn fein.
(b) Litreacha, 7rl., don phobal nach bhfuil deacreacht no tabhacht ar leith

(c) Abhair ar solathriodh leagan Gaeilge ar a mhacsamhail cheana (ag baint leo. fein, agus nach ga ach leasu beag a dheanamh air no breisiu beag a chur leis. (Da mba gha in aon chas leagan leasaithe a chur faoi bhraid na Rannoige i gcoir mhionscrudu ba cheart don Roinn fein an dreacht leasaithe a ullmhu ar an gcead dul sios).

(d) Eolas faoi fhocail, tearmai, litriu, 7rl., ata le fail go reidh in Gramadach na Gaeilge, Litriu na Gaeilge (An Caighdean Oifigiuil) no san English-Irish Dictionary.

5. Nuair a chuirtear dreacht Gaeilge chuig Rannog an Aistriuchain chun an Ghaeilge a sheiceal, ni chloscriofar an leagan leasaithe i dTeach Laighean muna bhfuil athraithe bunusacha a ndeanamh sa teacs. Mas abhar e an dreacht a bhfuil se ar intinn e a chur i gclo, moltar an leagan leasaithe a fhaightear ar ais o Rannog an Aistriuchain a sheoladh chuid na clodoiri gan e a athchloscriobh, mas feidir ar chor ar bith.

6. Nuair a bhionn eolas ag teastail ar an nguthan faoi leaganacha Gaeilge, ba cheart go mbeadh dothain eolais ar an nGaeilge ag an oifigeach a ghlaonn ar Rannog an Aistriuchain chun go dtuigfigh se comhairle na Rannoige gan stro.

Mise, le meas,

Lughaidh Mac Gearailt.